



01/03/2015

San eagrán seo:

Inside this issue:

Labhair GAEILGE le do thoil	1
Cóineartú Confirmation	1
Banna Ceoil Scoile School Band	2
Boscaí Ceoil Míle Buíochas	2
Polasaithe Scoile School Policies	3
Ríomhaireacht Computer Classes	3
Buíochas ó Ronald McDonald House	3
AGM Coiste na dTuistí	4
Gearáin faoi Luas Tíomána Residents Complain	4
Oibreacha Tógála & Construction Traffic	4
Seachtain na Gaeilge 2015	4
Comórtas Ealaíne an Fhorais	5
Cór na nÓg	5
Ceolchoirm na Féile Pádraig	5
Polasaí Fón Póca	6
Cúrsaí Spóirt	7
Páirceáil Parking	7



## NUACHTLITIR

## Gaelscoil Thaobh na Coille

Beallairmín, An Chéim, B.Á.C. 18

## Labhair Gaeilge le do thoil

A Thuismitheoirí,

Rinne sibh cinneadh bhúr bpáistí a sheoladh ag gaelscoil. Cinneadh mór ba ea í sin, go speisialta daoibhse nach raibh aon taithí pearsanta agaibh ar an nGaeilge nó ar an nGaelscolaíocht. Tá ag éirí go hiontach le bhúr bpáistí sa scoil agus an Ghaeilge ar a dtail acu. Creidim freisin go bhfuil meas acu ar an nGaeilge & ar an gcultúr ghaelach as a dtagann siad.



Impím oraibh a thuismitheoirí bhúr gcuid Gaeilge a úsáid nuair a thagann sibh ar scoil ar maidin leis na páistí, nuair a bhailíonn sibh iad um thráthnóna agus nuair a bhíonn sibh ag seasamh ag clabaireacht le chéile sa chlós & thart timpeall na scoile. Déan bhúr ndícheal cibé méid Gaeilge atá agaibh a úsáid. Níor cheart go labharfaí nó go gcloisfí tuismitheoir ar bith ag labhairt Béarla istigh sa scoil.

Ní cheartóidh éinne tú muna bhfuil do chuid Gaeilge cruinn ACH ceartófar sibh má cloistear sibh ag spalpadh béarla thart timpeall na scoile. Bíonn bhúr bpáistí an-bhródúil asaibh nuair a chloiseann siad sibh ag labhairt i nGaeilge. Oibrimis le chéile chun feabhas a chur ar úsáid na Gaeilge i measc na dtuismitheoirí.

*You decided to send your children to a Gaelscoil. That was a big decision, especially for those of you who had little or no personal experience of Gaeilge or Gaelscoileanna. Your children are doing very well in the school and are fluent in Irish. Not only that but I believe they have a really positive interest and respect for the language and the Irish culture from which they come.*

*I implore all parents to please use whatever Gaeilge you have when you bring your children to school in the morning, when you collect them in the afternoon, when you are in the school or chatting with your friends in the yard or around the school. Please make every effort to use whatever Gaeilge you have even if you just use 'cúpla focal as Gaeilge' in each sentence. Support and help each other. No parent should be heard speaking English in the school building.*



*No one will correct you if your Gaeilge is grammatically incorrect HOWEVER you will be reprimanded if you are heard 'ag clabaireacht as Béarla' around the school! Let's work together to improve the use of Gaeilge amongst the tuismitheoirí.*

*Ennae Lín Chaochaotha*

## Cóineartú Confirmation

Guímid gach ádh ar dhaltáí R6 a bheidh ag glacadh Sacraimint an Chóineartaithe ar an Aoine seo an 6 Márta. Beidh an searmanas ar siúl i Séipéal Mhuire, Ath an Ghainimh ag 11am. Cuirfidh tuistí R5 cupán tae & soláistí ar fáil dóibh i halla na scoile i ndiaidh an tsearmanais.

*We would like to wish daltaí R6 all the best this coming Friday when they will receive the Sacrament of Confirmation. The ceremony will take place in St Mary's Church, Sandyford at 11.00am. The parents of R5 are organising tae & refreshments for the pupils and their families in the school hall afterwards.*

## Banna Ceoil Scoile School Band



*Rince ar an sean-nós*



Tá Banna Ceoil na scoile ag dul ó neart go neart i mbliana, le os cionn 70 páiste ag freastal air, dhá lá sa tseachtain. Táimid tar éis ceangail a dhéanamh le 2 scoil eile, Scoil Lorcáin i mBaile na Manach agus Gaelscoil na Cille, Cill Dhéaglán, Co. na Mí. Bhí seisiún ollmhór anseo sa scoil roimh na Nollag agus thugamar cuairt ar Scoil Lorcáin ar an Aoine an 27ú Feabhra. Bhí ceol, damhsa ar an sean nós, amhránaíocht againn agus a lán spraoi dár ndóigh!



*The 'Banna Ceoil Scoile' has grown steadily this year and we now have over 70 pupils attending the group, twice a week. We have established a link with two other school, Scoil Lorcáin in Monkstown and Gaelscoil na Cille in Ashbourne. We hosted both school for a mighty 'seisiún' in the first term and we went on 'tour' to Scoil Lorcáin on the 27th of February. We thoroughly enjoyed ourselves with music, song and some sean nós dancing!*

## Boscaí Trócaire

Le tabhairt ar ais i ndiaidh na Cásca

*To returned after Easter*



Beimid ag dul ar an stáitse san Ionad Náisiúnta Cispheile i dTamhlacht ar an Mháirt an 3ú Márta ag 10.30am mar chuid de Chórfhéile na Scoileanna. Beidh orainn píosa ceoil cóirithe ar chur i láthair agus tá a lán cleachtaidh déanta ag ár gceoltóirí le cúpla seachtain anuas.

*We are participating in Córphéile na Scoileanna this week and will take to the stage on Tuesday the 3rd of March in the National Basketball Arena in Tallaght at 10.30am. We will have to present an arrangement of traditional music so we have been working very hard on this for the past few weeks.*

Sa tríú téarma beimid ag tabhairt aghaidh ar Chontae na Mí don tríú mhór-sheisiún ceoil agus beidh ceolchoirm againn ag deireadh na bliana freisin. Buíochas leis na múinteoirí, Tomás MacUileagóid, Úna Ní Fhlatharta, Cormac Chambers agus Richeal Ní Thiarnaigh as a gcuid ama agus a gcuid talainne a roinnt leis na daltaí.

*In the third term we will move beyond the county bounds and head to Meath for another 'mór-sheisiún ceoil'. We will also be putting on a concert towards the end of the year. Many thanks to the teachers who give so generously of their time and talents; Tomás MacUileagóid, Úna Ní Fhlatharta, Cormac Chambers Richeal Ní Thiarnaigh.*

## Boscaí Ceoil Button Accordians

Boscaí Ceoil



Abbie, Caoimhe & Charlotte

Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl do Kathleen Byrne PO Bunscoil Naomh Pádraig i nGleann Cuillinn a thug ceithre bhosca ceoil dúinn. Bhí siad i gcófra thuas sa scoil sin ag bailiú deanaigh agus cheap sí go mbainfíminde úsáid astu. Bhí ríméad orainn na boscaí ceoil a fháil agus mar thoradh ar sin tá seisear dalta ón scoil tosaithe ar cheachtanna i seint an bhosca ceoil leis ag an Múinteoir Richeal Ní Thiarnaigh.

*We would like to thank an Príomhoide Kathleen Byrne from St Patricks NS, Glencullen for giving us 4 button accordions. The Button accordions were gathering dust in a cupboard up in her school and she thought we might be able to make good use of them. We were absolutely delighted to get them especially as an Múinteoir Richeal Ní Thiarnaigh plays the button accordion herself and she now has 6 pupils from the school taking lessons and adding greatly to the array of instruments we have in the Banna Ceoil.*

## Polasaithe Scoile : School Policies

Tá obair á dhéanamh ag an bhfoireann agus ag an mBord Bainistíochta ar chuid de pholasaithe reachtúil agus riaracháin na scoile ó thús na bliana seo. Athbhreithniú, uas-dátú & athdhréachtadh don chuid is mó atá ar siúl againn ar pholasaithe a bhí againn cheanna. Tá na polasaithe faomhaithe seo uaslódáilte ar shuíomh gréasáin na scoile ionas gur féidir le tuismitheoirí uile na scoile iad a fheiceáil. Tá obair uasdátaithe á dhéanamh faoi láthair ar Chód Iompair na Scoile agus beimid ag lorg bhúr dtuairimí maidir leis an bpolasaí athbhreithnithe seo a luaithe is a bhíonn an réamhobair curtha i gcrích againn. Féach thall liosta de na polasaithe faomhaithe is déanaí atá uaslódáilte ar an suíomh gréasáin [www.taobhnacoille.ie](http://www.taobhnacoille.ie) – Polasaithe.

*Since the beginning of the year the staff and Board of Management have been reviewing, updating and redrafting some of the schools statutory and administrative policies. These ratified policies have been uploaded onto the schools website where parents can read them if they so wish. We are reviewing our Code of Behaviour at present and we will be asking for parental input on the revisions once the updated draft is complete. See here a list of policies that have been uploaded on to the school's website over the last couple of months [www.taobhnacoille.ie](http://www.taobhnacoille.ie) - Policies*

Polasaithe Athbhreithnithe, Uas-dátaithe & Uas-lódáilte Reviewed, Updated & Uploaded 

### Polasaithe Athbhreithnithe

Polasaí um Chosaint Sonraí & Coimeád Taifid  
Data Protection and Record Retention Policy  
Polasaí Frithbhulaíochta Anti-Bullying Policy  
An Nós Imeachta maidir le Gearán a Dhéanamh Complaints Procedure  
Polasaí maidir le Riachtanais Speisialta Oideachais Special Education Needs Policy  
Polasaí Tinrimh & Rannpháirtíocht School Attendance & Participation  
Polasaí um Úsáide Inghlactha Idirlin Internet Acceptable Use Policy  
Polasaí maidir le hÚsáid Substaintí Substance Abuse Policy

## Ranganna Ríomhaireachta : Computer Classes



© iStockphoto.com/illustration01.com/7803

Tá ag éirí go han-mhaith leis na ranganna ríomhaireachta iar-scoile faoi láthair. Léiríodh an-spéis 'sna ranganna seo agus ní raibh dóthain spáis 'sna ranganna don méid

Ranganna iar-scoile le Computer Xplorers

*The afterschool computer classes are going very well. Great interest was shown in the classes and the demand for places was greater than the amount of places available. Coiste na dTuismitheoirí hope to continue the classes after Easter and are looking into the possibility of putting on extra classes.*

dalta gur theastaigh uatha freastal ar na ranganna. Tá súil ag Coiste na dTuismitheoirí leanúint leis na ranganna seo i ndiaidh na Cásca agus breis ranganna a chur ar fáil, más féidir.

*The afterschool computer classes are going very well. Great interest was shown in the classes and the demand for places was greater than the amount of places available. Coiste na dTuismitheoirí hope to continue the classes after Easter and are looking into the possibility of putting on extra classes.*



Ronald McDonald House Charity of Ireland Ltd  
The Ronald McDonald House  
Our Lady's Children's Hospital  
Dublin  
Ireland  
Telephone: 01 4540438 Facsimile: 01 4540446  
ronaldhouse@rnh.ie www.rnh.ie

### RECEIPT

Date: 05/02/15

To: Gaelscoil Thaobh na Coille  
Stepaside, Dublin 18.

DESCRIPTION	AMOUNT
Christmas Jumper Day Fundraiser	€540
Received With Thanks	
TOTAL	€540

## Buíochas €540

Bailiúchán ar son Teach Ronald McDonald

Ba mhaith le Muintir Binley & Carthanacht Teach Ronald McDonald a mbuíochas a ghabháil le tuismitheoirí & daltaí Ghaelscoil Thaobh na Coille as €540 a bhailiú ar a son roimh na Nollag.

*Collection for Ronald McDonald House*

*The Binley family and Ronald McDonald House Charity Ireland would like to thank the parents and pupils of Gaelscoil Thaobh na Coille for collecting €540 on the charity's behalf.*

Tráth na gCeist  
Clainne  
R3 go R6

Family Table Quiz  
??/03/2015  
Tuistí & Daltaí  
Parents & Pupils  
Bí gí ann!



Ceolchoirm  
na Féile Pádraig

Céadaoin

18/03/2015

1pm & 7pm

Fáilte Roimh Chách

## Cumann na dTuismitheoirí

## AGM

Máirt 03/03/2015 7.30pm

Beidh Cruinniú Cinn Bhliana Chumann na dTuismitheoirí ar siúl i halla na scoile ar an Mháirt 3<sup>ú</sup> Márta ag 7.30pm. Beidh aochainteoir ó Child Watch i láthair ag an gcruinniú a labhróidh faoi bhainistiú clú, faoi shábháilteacht ar-líne, cibear bulaíocht srl.

Is libhse Cumann na dTuismitheoirí, tá sé fíor thábhachtach go mbeadh ionadaíocht ón oiread clann is gur féidir ag an gcruinniú.

*Cumann na dTuismitheoirí are holding their AGM in the school hall on Tuesday 3<sup>rd</sup> March at 7.30pm. A guest speaker from "Child Watch" [www.childwatch.ie](http://www.childwatch.ie) will speak at the meeting and will cover topics such as: Reputation management, Online safety, Online harassment including grooming and cyber bullying etc.*

*This is your Parents' Association, it is important that as many families as possible are represented at the AGM.*

## Gearáin faoi Luas Tiomána Residents Complain

Tá gearáin faighte againn arís ó dhaoine a bhfuil cónaí orthu i mBeallairmín ag rá go bhfuil tuistí de chuid na scoile seo ag tiomáint ar luas lasraigh síos Gleanntán Bheallairmín, ag párcáil go neamhdhleathach agus ag blocáil bealach isteach is amach tionóntaithe ag a dtithe féin. Iarraim oraibh a thuismitheoirí a bheith tuisceanach dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu taobh leis an scoil. Tiomáin go réidh agus coinnigh leis an luas teorann. Ná blocáil bealach amach daoine a chónaíonn i mBeallairmín, bí foighneach, tabhair cead isteach is amach do thiomáithe a bhíonn ag iarraidh dul sa mhalairt treo agus ná páirceáil ar an bhfear nó in áiteanna páirceála príomháideacha.



We have received complaints once again from residents living in Belarmine Vale that some people who are dropping children off to our school are driving at speed down the road, parking in private residential parking spots and blocking residents exit and access to their own homes. Please be considerate of residents living beside the school. Drive carefully and adhere to the speed limit and do not block **resident's access and exit routes**. Be patient and considerate of residents and drivers going in the opposite direction and do not park on the grass or in any private parking spots.

## Oibreacha Tógála Building Works



obair timpeall orthu sin.

*As you are no doubt aware, Castlethorn Construction have started building works in the vicinity of the school. They are putting in a roadway to the side of the school & there is quite a lot of construction traffic going up and down Belarmine Vale. Please keep a close eye on your children as you are walking to school. Parents with children travelling on scooters or bicycles should be extra vigilant. Castlethorn Construction are aware of the school and have been informed of our opening and closing times.*

Mar is eol daoibh tá oibreacha tógála ar siúl thart timpeall ar an scoil faoi láthair. Tá bóthar á chuir isteach taobh leis an scoil agus tá lorráithe agus feithiclí tógála ag dul suas agus anuas Gleanntán Bheallairmín. Iarraim oraibh a thuismitheoirí súil ghéar a choinneáil ar bhúr bpáistí agus sibh ag siúl isteach go dtí an scoil. Is gá aire ar leith a thabhairt do dhaltaí atá ag taisteal ar scútair nó ar rothair. Tá Castlethorn Construction ar an eolas maidir le h-uaireanta oscailte agus dúnta na scoile & tá siad in ainm agus a bheith ag



## Seachtain na Gaeilge 2015

Tá seachtain na Gaeilge (nó coicís na Gaeilge!) ag teacht. Beimid ag díriú oraibhse a thuismitheoirí i mBliaana! Beimid ag iarraidh oraibh Gaeilge a labhairt sa bhaile, ag am dinnéir, ag an mbricfeasta srl. Beimid ag éisteacht libh agus sibh sa chlós agus thart timpeall na scoile. Beidh duaiseanna beaga á bhronnadh againn ar na tuismitheoirí a dhéanann an-iarracht an Ghaeilge a labhairt. Bigé réidh!!

*Seachtain na Gaeilge (or coicís na Gaeilge) is fast approaching. We will be focusing our attention on you the parents this year! We will be asking you to speak Irish at home, at dinner time, at breakfast etc. We will be listening to you in the yard and around the school. We will have small prizes for the parents who speak Gaeilge. So get yourself ready and make your children proud!*



## Comórtas Ealaíne an Fhorais Art Competition



Clíodhna lena póstaer & an duais álainn a bhuaigh sí!

Bhí Cruinniú Cinn Bhliana agus Comhdháil an Fhorais Phátrúnachta (Patrún na Scoile) ar siúl ag an deireadh seachtaine. Ba é 'Gaeloideachas do Chách' téama na comhdhála. Pléadh topaicí éagsúla ar an lá; airgeadas scoile, cosaint sonraí agus éiteas scoile. Rinne an Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, píosa cainte ar chearta teanga na scoileanna.

Eagraíodh comórtas ealaíne do scoileanna i gcomhar leis an gcomhdháil agus bhí ríméad orainn nuair a chualamar gur bronnadh an chéad áit i rannóg na naíonáin ar dhuine dár ndaltaí, Clíodhna Ní Dhonnchú i rang na naíonáin shinsearachta (N2A). Maith thú a Chlíodhna! Bhuaigh sí ciseán lán de rudaí deasa, ina measc bhí bosca péinteála, taibléad, dearbhán Easons, leabhar srl.

An Foras Pátrúnachta's AGM and conference was held over the weekend. 'Gaeloideachas do Chách' is this year's theme. Topics discussed on the day included; school finances, data protection and school ethos. Rónán Ó Domhnaill, the Language Commissioner, presented a talk on the linguistic rights of the schools.

A schools poster competition was organised in conjunction with the conference and we were absolutely delighted to hear that the winner of the infants section went to one of our pupils, Clíodhna Ní Dhonnchú in senior infants (N2A). Maith thú a Chlíodhna! She won a hamper that included a fabulous painting set, a mini tablet, an Eason's voucher etc.

## Cór Náisiúnta na nÓg National Children's Choir

Tá daltaí R5 & R6 gnóthach ag foghlaim na hamhráin deirneach de chlár amhrán Chór Náisiúnta na nÓg. Tá 15 amhrán foghlamtha acu go dtí seo agus 3 cinn fágtha le foghlaim le go mbeidh an 18 amhrán atá ar an gclár ar eolas acu don ceolchoirm mór réigiúnach a bheidh ar siúl san Ionad Náisiúnta Cispheile i dTamhlacht ar an gCéadaoin an 29ú Aibreán. 57 dalta ó Gaelscoil Thaobh na Coille a bheidh ag canadh sa chór, cór a bheidh déanta suas de thart ar 500 dalta ó bhunscoileanna éagsúla i mBaile Átha Cliath. Beidh ceolfhoireann iomlán ag déanamh tionlacan ar an gcór agus is cinnte gur sár-oíche ceoil a bheidh ann. Bí cinnte go gcuireann tú an data tábhachtach seo i do dhialann.

*The Pupils from 5<sup>th</sup> & 6<sup>th</sup> are busy learning the last few songs of the National Children's Choir repertoire. They have learned 15 songs already this year and they have only 3 more songs to learn in order to know all 18 songs they need to know before the National Children's Choir Dublin regional concerts take place in April. 57 pupils from Gaelscoil Thaobh na Coille will sing in a massed choir of c.500 pupils from different schools from all over Dublin. Our pupils will be singing in the concert that will take place in the National Basketball Arena in Tallaght on Wednesday evening the 29<sup>th</sup> of April at 8pm. The choir will be accompanied by a full orchestra and if the rehearsals we have had already are anything to go by it promises to be a night of wonderful music and song. Be sure to put this important date into your diary.*



## Ceolchoirm na Féile Pádraig

Mar chuid de cheiliúradh Sheachtain na Gaeilge beidh ceolchoirm ceoil, rince & amhránaíochta á chur ar siúl ag daltaí sinsearachta na scoile ar an gCéadaoin an 18 Márta. Tá sé beartaithe againn iarracht a dhéanamh an ceolchoirm a rith



faoi dhó ar an lá céanna le deis a thabhairt do níos mó tuismitheoirí freastal ar; ceolchoirm amháin ag a 1pm & an dara ceann ag 7pm. Beidh ar gach dalta a bheith ar fáil don dá cheolchoirm le gur féidir linn é seo a dhéanamh. Beidh ticéid ar díol do na ceolchoirmeacha seo. Beidh fáilte roimh thuismitheoirí uile na scoile freastal ar na ceolchoirmeacha. Os rud é go bhfuil an spás atá againn sa halla srianta agus go mbeidh an ceolchoirm feicthe ag daltaí uile na scoile roimh ré iarraimid nach dtabharfar páistí ag an gceolchoirm oíche. Beidh fáilte roimh páistí óga ag an gceolchoirm a bheidh ar siúl i rith an lae. Tuile eolais le teacht.

*As part of our celebrations for 'Seachtain na Gaeilge' our senior pupils hope to put on a concert of traditional music, dance & song on Wednesday the 18th of March. In order to facilitate more parents to attend we hope to have two performances of the concert on the same day; the first performance at 1pm & the second at 7pm. In order to do this it is paramount that all pupils are available for both concerts. This will be a ticketed event. All parents & family members are welcome to attend. As space in the hall is limited & all the pupils in the school will have seen the concert rehearsal we ask that children are not brought to the evening concert. Younger children are very welcome at the afternoon concert. More information to follow.*

## Polasaí Fón Póca & Gléasanna Leictreonach Mobile Phone & Electronic Devices Policy

Tá sé tugtha faoi ndeara againn le tamaillín beag anuas go bhfuil ardú suntasach tagtha ar na 'giúrléidí' leictreonach láimhe atá á thabhairt isteach chun na scoile ag na páistí. Dá bhrí sin seo thíos polasaí na scoile i leith úsáid fón póca / cluichí leictreonach. Creidimid go dtarraingíonn I Pods, fón póca, Game Boys, PSP's, MP3's taibléid & gléasanna leictreonach eile dá leithéid ó aird an dalta agus go gcuireann siad bac leis an bhfoghlaim sa suíomh scoile. Tá an polasaí scoile seo á chur i bhfeidhm leis an gcur isteach ón dteicneolaíoch neamhúdaráithe seo a mhaolú.

### Cluichí Leictreonach

- Níl sé ceadaithe do dhaltai gléasanna nó giúrléidí leictreonach: I Pods, I Pads, Táibléid, Game Boys, PSP's, MP3's & a leithéid, a thabhairt ar scoil nó a úsáid i rith am scoile, ar thuras scoile nó le linn ábhair bhreis-churaclam.
- Bainfear an cluiche/giúrléid leictreonach de dhalta ar bith a thugann ceann ar scoil agus ní bhfaighfidh sé/sí ar ais é go dtí am dul abhaile.

### Fón Póca

- Ar mhaithe le sábháilteacht agus chun cumarsáid idir dhaltai agus a gcuid tuismitheoirí/feighlithe a éascú roimh agus i ndiaidh am scoile, tá cead ag daltaí fón póca a thabhairt ar scoil.
- Níor chóir go mbeadh an fón póca casta ar siúl i rith am scoile, ar thuras scoile nó le linn ábhair bhreis-churaclam, áfach, agus tá siad coiscithe sa chlós.
- Ba chóir an fón a bheith múchta agus coimeáda as radharc, i mála scoile an dalta.
- Is féidir le daltaí gur gá dóibh teagmháil a dhéanamh leis an mbaile i rith am scoile nó tuismitheoir gur mhaith leis/lei teachtaireacht a thabhairt dá bpáiste é sin a dhéanamh tríd oifig an rúnaí ar an bhfón scoile.
- Bainfear an fón póca de dhalta ar bith a bhriseann na rialacha thuas luaite agus ní bhfaighfidh sé/sí ar ais é go dtí am dul abhaile. Má leantar de bhriseadh na rialacha, bainfear an fón póca den dalta agus iarrfar ar thuismitheoir é a bhailiú ón oifig.

*We have noticed a significant increase in hand held electronic 'gadgets' that are being brought into school by the pupils in recent months. For your information you will find below the school's policy for mobile phone /electronic device usage in the school. We believe that I Pods, mobile phones, Game Boys, PSP's, MP3's, tablets and other electronic devices are intrusive and distracting in a school environment and therefore implemented this policy to reduce the intrusiveness of unauthorised technology in our school.*

### Electronic Games

- *Pupils are not allowed bring electronic devices such as I Pods, I Pads, Tablets, Game Boys, PSP's, MP3's etc. into school or use them during school time, on school tours or during extra-curricular activities.*
- *Any pupil who brings an electronic game to school risks having it confiscated and not returned until the school day is over.*

### Mobile Phones

- *In the interest of safety and to facilitate communication between pupils and their parents/carers before and after school hours, pupils are permitted to bring mobile phones to school.*
- *However, their use is prohibited during school hours, school tours or during extra-curricular activities and their use is forbidden in the yard.*
- *Phones should remain switched off and kept out of sight in the pupil's schoolbag.*
- *Children who need to contact home during school hours or indeed parents who need to communicate a message to their child may do so through the school secretary using the school landline phone.*
- *Any pupil breaking the school rules mentioned above will have their mobile phone confiscated and will not have it returned to them until the school day is over.*
- *If a pupil continues to break these rules, they will be required to hand over their phone and parents will be asked to collect it from the school office.*



## Cúrsaí Spóirt School Sports

Tá séasúr na hiománaíochta linn. Beidh an scoil ag glacadh páirt i léig iománaíochta & camógaíochta Chumann na mBunscol. Beidh traenáil á dhéanamh ag daltaí R4 go R6 gach Aoine i bpáirc uile-aimsire na Céime óna 2pm go dtí a 3pm ón Aoine an 13 Márta ar aghaidh. Imreofar na cluichí léige i ndiaidh am scoile ar na laethannta seo a leanas : Cailíní: Dé Céadaoin & Buachaillí : Déardaoin,



Comhgháirdeachas le daltaí Rang 3 a ghlac páirt i gcomórtas Iománaíochta Chorn Andy Gibbons níos luaithe an téarma seo. D'imir siad in aghaidh scoileanna an

**cheantair & d'éirigh leo an ceann**

is fearr a bhaint amach ar a gcéillí comhraic. Thug R3A an Corn abhaile leo & thug R3B an Sciath abhaile leo siúd. Maith sibh a pháistí. Rinne sibh éacht ar son na scoile.

Snámh - Tá daltaí R2 ag freastal ar cheachtanna snámha faoi láthair agus beidh R1 ag tosú ar cheachtanna i ndiaidh na Cásca.

*It's hurling season. The school will be participating in the Cumann na mBunscol hurling and camogie leagues. Pupils from R4 to R6 will head up to the all-weather pitches in Stepside to train every Friday from 2pm—3pm, beginning on Friday the 13th March. Matches will be played after school on the following days: Girls: Wednesdays & Boys: Thursdays.*



*A huge congratulations to R3 who participated in the Andy Gibbons indoor hurling competition in Naomh Olafs GAA club earlier in the term. They played against local schools and managed to get the better of their opponents. R3A came out tops and won the cup and not to be outdone completely R3B secured the Shield for the school! Maith sibh a pháistí – you did the school proud.*

Swimming – R2 are attending swimming classes every Friday at present and R1 will start their swimming lessons after the Easter holidays.

## Párcáil Mífhreagrach & Dáinséarach Irresponsible & Dangerous Parking

Tá córas tráchta aon slí i bhfeidhm i gcarr chlós na scoile. Cuireadh i bhfeidhm é go príomha leis an gluaiseacht tráchta a éascú agus le sábháilteacht bhúr bpáistí a chinntiú agus iad ag turlaingt ó charranna agus ag siúl trasna go clós na scoile. Níl ach 24 áit páirceála do thuismitheoirí ar láthair na scoile (in aice leis na cúirteanna cispheile). Is oth liom a rá nach bhfuil níos mó áiteanna ná sin ar fáil. **NÍL CEAD páirceáil ach 'sna háiteanna ceadaithe. Níl cead páirceáil ar chosán nó ciumhais féir.** Tá sé seo dáinséarach agus cuireann sé na páistí atá ag siúl isteach agus amach as an scoil i gcontúirt. Ceadaítear do charranna stopadh go sealadach in aice leis na hionaid páirceála mí-chumais le páistí a scaoileadh amach. Níor chóir go bhfágadh an tiománaí an carr. Níl sé ceadaithe páirceáil dhúbalta a dhéanamh chun tosaigh ar an scoil, ar feadh tréimhse ama ar bith. Coinnigh na rialacha páirceála & coinneáil ár bpáistí slán.



*We operate a one way system in the car park. It was put in place primarily to facilitate the flow of traffic and to ensure the safety of the children as they disembark from cars and walk over to the school yard. There are only 24 parking spaces for parents on the school grounds (adjacent to the basketball courts). Unfortunately there are no more spaces available nor will there be in the future. You are only allowed park in the designated areas. Do NOT park on any footpath or grass verge or in front of any parked car. This is extremely dangerous as it puts the children who are walking in and out of the school at great risk as it blocks their way and impedes their view. Cars dropping off children may stop briefly beside the disabled parking spaces to allow children to disembark but under no circumstance should drivers leave their cars. Double parking to the front of the school, for any length of time is NOT permitted. Please adhere to the parking rules and keep our children safe and free from danger.*



### Saoire na Cásca Easter Holidays

Beidh an scoil ag dúnadh do laethannta saoire na Cásca ar an AOINE **27 Márta** ag a 12.00

*The school will close for the Easter holidays on FRIDAY the 27th March at 12.00*

Osclóidh an scoil don ath-bhláin an **LUAN, 12 Aibreán.**

*The school will re-open on MONDAY the 12<sup>th</sup> of April*



## Síntiúis Deonach 2015 Voluntary Contributions

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil leis na tuismitheoirí atá ag íoc síntiúis deonach leanúnach leis an scoil trí ordú seasta bainc agus iad siúd a thug síntiúis cnaipshuim don scoil. Táimid thar a bheith buíoch as bhur bhflaithiúlacht agus bhur dtacaíocht leanúnach don scoil. Braitheann an scoil go mór ar na síntiúis deonach seo agus bhéimis i gcrúachas airgeadais gan iad.

Ba mhór againn dá mbeadh síntiúis amháin ar fáil ó gach teaghlach – PÉ MÉID gur acmhainn daoibh. Má tá ar bhur gcumas síntiúis míosúil nó aon uaire a dhéanamh, ba mhór againn dá ndéanfadh sibh é sin.

Ba mhaith linn bhur n-aird a dhíriú ar rialacha cánach a théann go mór chun tairbhe na scoile. Go simplí – síntiúis ar bith ar fiú **€250** nó níos mó é (cnaipshuim nó íoctha i ngálaí míosúla de **€21**) tugann sé deis dúinne an cháin a ais-éileamh ar na Coimisinéirí Ioncaim. Ach mar a dúramar cheana fáilteimid roimh shíntiúis de mhéid ar bith.

*We would like to thank all the parents who make voluntary contributions to the school in the form of a direct financial contribution or monthly standing order. We are very grateful to you as parents for your generosity and continued financial support over the years. The school's finances would be under severe pressure were it not for your contributions.*

*We ask that each family make a donation of an amount that is within their budget. If you are in position to make a monthly or a once off contribution OF ANY AMOUNT we would greatly appreciate it. Please contact the secretary in order to get the details/forms needed.*

*We would like to draw your attention to a tax scheme that will benefit the school. Very simply, donations from all individual donors over €250 (lump sum or in monthly €21 contributions) allows us to claim back the tax paid from the Revenue Commissioners. As we have said before we are grateful for donations of any amount.*

Buíochas ó chroí for your continued support.

Is mise le meas

*Lúsaí Mhíic Cnáimhsí*

Cisteoir, Bord Bainistíochta Gaelscoil Thaobh na Coille.

More details are available on [www.revenue.ie/en/personal/charities.html](http://www.revenue.ie/en/personal/charities.html)

